| Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta | **Meitheal Forbartha, Cruinniú 9, an 27 Samhain 2025.**<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Mír a Dó**<br>**Aiseolas comhairliúcháin** | Chomhroinn an feidhmeannas sleamhnáin ar an aiseolas ón suirbhé ar líne, na cuairteanna scoile, na haighneachtaí scríofa agus an ócáid chomhairliúcháin fhisiciúil. Rinne an Mheitheal Forbartha plé ar gach gné den aiseolas. |
| **Mír a Trí**<br>**Tasc timpealláin agus plé uile-ghrúpa ar eagarthóireacht tar éis aiseolais** | D'fhreagair an mheitheal d'eagarthóireacht agus do thráchtanna, bunaithe ar aiseolas comhairliúcháin, chun an tsonraíocht a neartú. Rinneadh breithniú ar chothromaíocht idir teoiric agus obair phraiticiúil, ar inláimhsitheacht, ar chomhleanúnachas agus ar ailíniú leis an réasúnaíocht.<br>Ar na cinntí a rinneadh, bhí níos mó feiceálachta sa tsonraíocht chun na TFFanna a fhorbairt ina lionsa do na scoláirí a bheadh ag tabhairt faoin gcúrsa, atheagar a chur ar rannáin na Smaointeoireachta Ríomhaireachtúla agus na nAlgartam, mionchoigeartú a dhéanamh ar rannán na grafaice, agus aird a thabhairt ar na gnéithe teicniúla d'inneachar na snáitheanna ar tarraingíodh aird orthu sa chomhairliúchán. |
| **Na chéad chéimeanna eile** | Ghabh an Cathaoirleach buíochas le comhaltaí as a bheith i láthair agus as a rannpháirtíocht agus a dtiomantas ag gach ceann de na hocht gcruinniú. Déanfaidh an Feidhmeannas athbhreithniú ar an méid a pléadh agus déanfaidh an eagarthóireacht chuí.<br>**An Chéad Chruinniú Eile: An 10 Nollaig** |